# COISTE GAEILGE NA hOLLSCOILE
# TÉARMAÍ TAGARTHA

# COISTE GAEILGE NA hOLLSCOILE
# TERMS OF REFERNCE

CONFIDENTIAL

| | |
|---|---|
| Date of Approval by Governing Authority: | 1 February 2024 |
| Next review of ToR by Governing Authority: | February 2025 |

## COISTE GAEILGE NA hOLLSCOILE
## TÉARMAÍ TAGARTHA

**BUNREACHT:**

Tá Coiste Gaeilge na hOllscoile á bhunú mar bhuan-chomhchoiste den Údarás Rialaithe agus den Chomhairle Acadúil ag an dá chomhlacht reachtúil. Déanfaidh an Coiste maoirseacht ar na beartais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Tá an Ollscoil tiomanta do chaomhnú, do chur chun cinn agus d'úsáid na Gaeilge i ngach gné de shaol na hOllscoile, a mhéid is féidir é. Chun tacú leis an aidhm sin, tá comhchoiste den Údarás Rialaithe agus den Chomhairle Acadúil bunaithe ag an Ollscoil chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Beidh téarma oifige an Choiste ar aon dul le téarma oifige an Údaráis Rialaithe. De bharr thiomantas na hOllscoile, beidh baill den Údarás Rialaithe, den Chomhairle Acadúil agus Feidhmeannaigh de chuid na hOllscoile ar an gComhchoiste sin.

**BALLRAÍOCHT:**

Is iad seo a leanas a bheidh ina mbaill den Choiste:

- An tUachtarán (ex-officio) nó a ainmní/a hainmní (déanfaidh an tUachtarán nó a ainmní/a hainmní cathaoirleacht ar an gCoiste);
- Ollamh na Nua-Ghaeilge (nó a ainmní/a hainmní);
- beirt bhall ceaptha ag an Údarás Rialaithe (nach féidir gur duine atá mar bhall ex-officio den Choiste nó atá ceaptha le bheith ina bhall/ina ball den Choiste faoi chatagóir ar bith eile de bhallraíocht an Choiste ceachtar den bheirt sin), ar chóir do dhuine amháin ar a laghad acu a bheith inmheánach san Ollscoil.
- beirt bhall den Chomhairle Acadúil (nach féidir gur duine atá mar bhall ex-officio den Choiste nó atá ceaptha le bheith ina bhall/ina ball den Choiste faoi chatagóir ar bith eile de bhallraíocht an Choiste ceachtar den bheirt sin), arna gceapadh ag an gComhairle Acadúil;
- ar a laghad duine amháin agus gan níos mó ná beirt d'fhoireann na hOllscoile (ní féidir gur duine atá mar bhall ex-officio den Choiste nó atá ceaptha le bheith ina bhall/ina ball den Choiste faoi chatagóir ar bith eile de bhallraíocht an Choiste ceachtar den bheirt sin), arna gceapadh ag Uachtarán na hOllscoile;
- Oifigeach na Gaeilge;

Stiúrthóir/ Lárionad na Gaeilge(nó a ainmní/a hainmní);

- Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Mhá Nuad (nó a ainmní/a hainmní);
- mac léinn amháin sa bhreis arna cheapadh ag Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Mhá Nuad
- mac léinn amháin arna ainmniú ag Uachtarán na hOllscoile; agus
- suas le triúr arna gcomhthoghadh ag an gCoiste áit a gcreideann an Coiste gur gá sin a dhéanamh chun na scileanna atá riachtanach i measc na mball a chomhlánú le gur féidir leis an gCoiste a chuid oibre a chur i gcrích.

Má chomhthoghann an Coiste aon bhall ní mór é sin a chur in iúl don Údarás Rialaithe agus don Chomhairle Acadúil go pras. Beidh ceapacháin chuig an gCoiste, ina n-iomláine agus

CONFIDENTIAL

laistigh de gach catagóir den bhallraíocht, treoraithe ag an aidhm a bhaineann le cothromaíocht inscne a bhaint amach a mhéid agus is féidir sin a dhéanamh.

**MINICÍOCHT NA gCRUINNITHE**

Tiocfaidh an Coiste le chéile ar a laghad ceithre huaire in aghaidh na bliana, ar a laghad uair sa ráithe de ghnáth.

**FREASTAL AR CHRUINNITHE:**

Freastalóidh Oifigeach na Gaeilge ar chruinnithe an Choiste chun miontuairiscí na gcruinnithe a ullmhú agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, an tÚdarás Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil. Sa chás nach féidir le hOifigeach na Gaeilge freastal ar chruinniú, déanfaidh an Cathaoirleach socruithe malartacha maidir le hullmhú na miontuairiscí. Is féidir cuireadh a thabhairt do shaineolaithe neamhspleácha seachtracha freastal ar chruinniú iomlán den Choiste nó ar chuid de ar chuireadh ón gCoiste. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhaill foirne eile de chuid na hOllscoile freastal ar chruinnithe iomlána den Choiste nó ar chuid de na cruinnithe sin ar iarratas ón gCoiste.

**SAINORDÚ AGUS TÉARMAÍ TAGARTHA**

Déanfaidh an Coiste an méid seo a leanas:

1. úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar fud na hOllscoile;
2. tacú leis an Ollscoil ina cuid iarrachtaí an teanga a chur chun;
3. comhairle a chur ar an Ollscoil maidir lena straitéis i leith chur chun cinn na Gaeilge agus a Scéim Teanga agus
4. athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Gaeilge laistigh den Ollscoil, agus tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Údarás Rialaithe agus don Chomhairle Acadúil.

D'fhéadfadh an Coiste grúpaí oibre i gcomhair topaicí sonraithe a bhunú chun cabhrú leis a chuid oibre a chur i gcrích. Féadfaidh grúpa oibre mionlach ball a bheith air nach bhfuil ina mbaill den Choiste. Ceapfaidh an Coiste baill ar aon ghrúpa oibre a bhunaíonn sé.

CONFIDENTIAL

# COISTE GAEILGE NA hOLLSCOILE
# TERMS OF REFERNCE

**CONSTITUTION**:
Coiste Gaeilge na hOllscoile is established as a joint standing committee of the Governing Authority and Academic Council by the two statutory bodies. The Committee shall have oversight of the policies and procedures in place to promote the use of the Irish language on campus. The University is committed to preserve, promote and use the Irish language in all aspects of University life to the maximum extent possible. To support this aim, the University has established a joint committee of the Governing Authority and Academic Council to promote the use of the Irish language. The term of office of the Committee shall be co-terminous with the term of office of the Governing Authority. Given the University's commitment, the membership of this Joint Committee will include members from the Governing Authority, Academic Council and Executives of the University.

**MEMBERSHIP**:
The members of the Committee shall be:

- the President (ex-officio) or his/her nominee (the President or his/her nominee shall chair the Committee);
- the Professor of Nua-Ghaeilge (or his/her nominee);
- two members appointed by the Governing Authority (neither of whom may be a person who is ex-officio a member of the Committee or who has been appointed to be a member of the Committee under any other category of membership of the Committee), at least one of whom should be internal to the University.
- two members of Academic Council (neither of whom may be a person who is ex-officio a member of the Committee or who has been appointed to be a member of the Committee under any other category of membership of the Committee), appointed by Academic Council;
- at least one and no more than two members of staff of the University (neither of whom may be a person who is ex-officio a member of the Committee or who has been appointed to be a member of the Committee under any other category of membership of the Committee), appointed by the President of the University;
- Director Centre for Irish Language Gaeilge (or his/her nominee)
- Oifeagach na Gaeilge/The Irish Language Officer;
- the President of Maynooth Students' Union (or his/her nominee);
- one additional student nominated by the President of Maynooth Students' Union
- one student nominated by the President of the University; and
- up to three persons co-opted by the Committee where the Committee believes that to do so is necessary in order to complete the necessary skills amongst the membership to allow the Committee to complete its work.

The Committee must notify both the Governing Authority and Academic Council promptly if it co-opts any member. Appointments to the Committee, both overall and within each category of membership, must be informed by the objective of achieving gender balance so far as it is possible to do so.


4

**FREQUENCY OF MEETINGS**:
The Committee shall meet at least four times per year , normally at least once in each quarter.

**ATTENDANCE AT MEETINGS**:
The Oifigeach na Gaeilge shall attend meetings of the Committee in order to prepare minutes of the meetings and prepare an annual report for the University Executive, the Governing Authority and the Academic Council. In the event the Oifigeach na Gaeilge is unable to attend a meeting the Chairperson will make alternative arrangements for the preparation of minutes. External independent experts may be invited to attend Committee meetings for all or part of a meeting at the invitation of the Committee. Other staff of the University may be asked to attend all or part of meetings of the Committee at the request of the Committee.

**MANDATE AND TERMS OF REFERENCE**:
The Committee shall:

1. promote the use of the Irish language throughout the University;
2. support the University in its efforts to promote the language;
3. advise the University on its strategy for the promotion of the Irish language, and its Sceim Teanga and
4. review the progress of the language within the University, and provide an annual report to both the Governing Authority and Academic Council.

The Committee may establish topic specific working groups to assist it in completing its work. A working group may have a minority of members who are not members of the Committee. The Committee will appoint members to any working group that it establishes.

CONFIDENTIAL